# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/687 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

## an 27 Aibreán 2022

## lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 254 agus Airteagal 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige 26 Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta in éag an 31 Lúnasa 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

(2) Moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Maria José COSTEIRA, Ricardo DA SILVA PASSOS, Geert DE BAERE, Sten FRIMODT NIELSEN, Krisztián KECSMÁR, Paul NIHOUL, Jesper SVENNINGSEN agus Marc VAN DER WOUDE mar Bhreithiúna den Chúirt Ghinearálta.

(3) Moladh go gceapfaí Goulielmos VALASIDIS don chéad téarma oifige ina cháil mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta.

(4) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028:

— Maria José COSTEIRA,

— Ricardo DA SILVA PASSOS,

— Geert DE BAERE,

— Sten FRIMODT NIELSEN,

— Krisztián KECSMÁR,

— Paul NIHOUL,

— Jesper SVENNINGSEN,

— Goulielmos VALASIDIS,

— Marc VAN DER WOUDE.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Aibreán 2022.

*An tUachtarán*
P. LÉGLISE-COSTA